COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ
CORK CITY COUNCIL

An Stiúrthóireacht Bóithre agus Iompair – An Rannóg Iompair

Lúnasa 2011

AR AN mBÓTHAR POIBLÍ/AR AN gCOSÁN.

Réamhrá
Is féidir comhthimpeallacht agus atmaisféar sráid-dreach i gCathair Eorpach nua-aimseartha cosúil le Corcaigh a fheabhsú le troscán ar an tsráid, i gcás sráideanna do choisithe amháin, os comhair bialanna agus tithe tábhairne. Cuireann sé ar chumas gnóthais a gcuid seirbhísí dá gcustaiméirí a fheabhsú, agus ioncam breise a ghineadh. Ní mór smaoineamh ar fhreagrachtaí maidir le húsáideoirí bóithre freisin. Tá gá le rialú chun a chinntiú nach mbíonn srianta gan gá i gceist, nach gcuirtear bac ar rochtain ar sheirbhísí éigeandála amhail an Bhriogáid Dóiteáin agus Otharchairr agus nach mbíonn guais do choisithe i gceist mar thoradh ar aon chineál bacainn, doirteadh nó leagan. Tá córas ceadúnaithe curtha i bhfeidhm ag Comhairle Cathrach Chorcaí maidir le cathaoireacha agus boird a chur ar shráideanna na cathrach, ionas gur féidir rialú riachtanach a chur i bhfeidhm.

Sula ndéantar Iarratas ar Cheadúnas:
Sula ndéanann tú iarratas ar cheadúnas, léigh na "General Licence Conditions for Tables and Chairs on Public Roads/Footpaths", atá faoi iamh. Déanfaidh an Rannóg Iompair, i gcomhairle leis an nGarda Síochána agus an Rannóg Dóiteáin, cinneadh maidir leis na ceantair inar féidir cathaoireacha agus boird a úsáid. Mar threoir ghinearálta, beidh gá le glanspás cosáin de 1.80m os comhair an limistéir cheadaithe, agus i sráideanna do choisithe amháin beidh gá le cainéal leanúnach 3 mhéadar ar a laghad. Tá sé seo amhlaidh chun freastal ar dhaoine lagamhairc, úsáideoirí cathaoireacha rothaí, srl. Tabhair faoi deara má thugtar ceadúnas nach mbeidh an ceadúnas sin i bhfeidhm ach ar feadh bliain féilire amháin ón 1 Eanáir go dtí an 31Nollaig den bhliain sin.

Nós Imeachta maidir leis an Iarratas ar Cheadúnas:
Ní mór foirmeacha iarratais ar cheadúnais chun boird agus cathaoireacha a chur ar an mbóthar poiblí/cosán a fháil ón Deasc Fáiltithe i Halla na Cathrach nó sa phost ó Seomra 335 Halla na Cathrach (Teileafón 021 4924072) nó ó shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach Chorcaí ag www.corkcity.ie. Ní mór líníocht le toisí cruinn den limistéar atá le ceadúnú, ina léirítear an líon bord agus cathaoireacha atá beartaithe, na cineálacha boird, cathaoireacha agus bacainn inaistrithe atá le húsáid, chomh maith le gach seirbhís reachtúil sa limistéar agus bacainn a bheith faoi iamh le gach foirm iarratais. Ní mór don Iarratasóir fianaise a sholáthar de chumhdach Árachas Fostóra agus Dliteanais Phoiblí le haghaidh teorainneacha nach lú ná €13 milliún agus €6.5 milliún faoi seach maidir le dliteanas dlí i gcás gortaithe coirp nó éilimh tríú páirtí mar gheall ar dhíobháil maoine a tharlódh de dhroim na ngníomhaíochtaí, atá mar ábhar an iarratais seo, ar feadh tréimhse an cheadúnais.**Ní mór na polasaithe sin a leathnú chun Comhairle Cathrach Chorcaí a shlánú.** Coimeádann Comhairle Cathrach Chorcaí an ceart athbhreithniú a dhéanamh ar an teorainn slánaithe seo maidir le leordhóthanacht. Seolfar an polasaí árachais isteach i gcomhair cigireachta sula n-eiseofar an Ceadúnas. Tá ceanglas ar an gceadúnaí polasaí bailí a choimeád i rith thréimhse an cheadúnais.

Ba cheart Foirmeacha Iarratais comhlánaithe, Líníocht(aí), Dearbhú Árachais agus Sonraí an Pholasaí Árachais a sheoladh ar ais díreach chuig an Deasc Fáiltithe, Halla na Cathrach nó a sheoladh sa phost chuig Seomra 335, Halla na Cathrach, Corcaigh, in éineacht le Táille Riaracháin neamh-in-aisíoctha €110.

Níl áitribh ghnó i dteideal boird ná cathaoireacha a chur ar an gcosán poiblí ná ar an tsráid go dtí go dtugtar ceadúnas dóibh.

Beidh ar iarratasóirí rathúla Táille Ceadúnais €125 in aghaidh an bhoird a íoc i gcomhair limistéir atá timpeallaithe ag bacainn inaistrithe. Ní mór don iarratasóir gach táille a íoc tráth a bhfuil an Ceadúnas á eisiúint.

Neamhchomhlíonadh an Nós Imeachta Ceadúnaithe:
Faoi Alt 71 d'Acht na mBóithre, 1993, aon duine a chrochann, a leagann nó a choimeádann ar bhóthar poiblí aon struchtúr nó aon ní a úsáidtear chun cuspóirí fógraíochta, díol earraí, soláthar seirbhíse nó cuspóir ar bith den sórt sin gan údarás dlíthiúil nó gan toiliú Údaráis Bóithre, beidh sé ciontach i gcion. **Tá cion den sórt sin faoi réir ionchúiseamh achomair sa Chúirt Dúiche agus i gcás ciontaithe, fíneáil nach mó ná €1270, nó de rogha na Cúirte chun téarma príosúnachta nach faide ná sé mhí nó fíneáil agus príosúnacht araon.**

Measann Comhairle Cathrach Chorcaí go gcomhlíonfaidh áitribh ghnó go saorálach an nós imeachta ceadúnaithe mar atá sé faoi láthair.

Ceangaltáin:
Gheobhaidh tú isteach leis seo:

(1) Coinníollacha Ginearálta maidir le Ceadúnú
(2) Foirm Iarratais ar Cheadúnas
(3) Dearbhú Árachais

COINNÍOLLACHA CEADÚNAIS AR LEITH A BHEIDH CHUN TOSAIGH AR AN GCEADÚNAS CHUN BOIRD AGUS CATHAOIREACHA A CHUR AR AN MBÓTHAR POIBLÍ/AR AN GCOSÁN.

NÍ MÓR AN CEADÚNAS SEO A THAISPEÁINT GO FEICEÁLACH LAISTIGH DEN ÁITREABH AGUS É A BHEITH AR FÁIL
DO CHOMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ NÓ DO BHALL DEN GHARDA SÍOCHÁNA CHUN CIGIREACHT A DHÉANAMH AIR.

TÁ ÓL DEOCHANNA MEISCIÚLA TEORANTA DO CHUSTAIMÉIRÍ ATÁ INA SUÍ LAISTIGH DEN LIMISTÉAR CEADÚNAITHE.

NÍ MÓR DO GACH CUSTAIMÉIR LAISTIGH DEN LIMISTÉAR CEADÚNAITHE A BHEITH INA SUÍ

TÁ COSC AR BHOIRD, CATHAOIREACHA AGUS TREALAMH COIMHDEACH A STÓRÁIL I LIMISTÉAR POIBLÍ NÓ IN AICE LE BEALACH ÉALAITHE

NÍ CHEADAÍTEAR ÚSÁID A BHAINT AS FORSCÁTHANNA AGUS/NÓ SCÁILEÁIN ATÁ DAINGNITHE NÓ AR INSÍ AR AN ÁITREABH FAOIN gCEADÚNAS SEO. (Ní mór Cead Pleanála a lorg as féin)

COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ
CORK CITY COUNCIL

An Stiúrthóireacht Bóithre agus Iompair – An Rannóg Iompair

Lúnasa 2011

SEOMRA 335, HALLA NA CATHRACH, CORCAIGH. **Teil: 021-4924330 , Facs: 021- 4924024**

FOIRM SF IARRATAS AR CHEADÚNAS CHUN BOIRD AGUS CATHAOIREACHA A CHUR AR AN MBÓTHAR POIBLÍ/AR AN GCOSÁN

ACHT NA MBÓITHRE 1993 - ALT 71
ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2000 - ALT 254

AN CHÉAD IARRATAS ☐ **ATHNUACHAN AR CHEADÚNAS ROIMHE SEO** ☐ **UIMH. AN CHEADÚNAIS ROIMHE SEO**_____ _____ _____

An seoladh ag a bhfuil Iarratas á dhéanamh ar cheadúnas:	
Ainm agus Seoladh an Iarratasóra:	**Uimh. Fhóin Phóca:** _____ **Uimh. Fhóin Ghnó:** _____
Ainm agus Seoladh a seolfar fógraí chuige:	
Cur síos gairid ar an Iarratas ar Cheadúnas atá beartaithe: (Cuimsigh an Líon Bord agus Cathaoireacha atá Uait)	
Cur síos ar an limistéar beartaithe áit a mbeidh an troscán agus an trealamh coimhdeach stóráilte taobh amuigh d'uaireanta oibre an cheadúnais sin	**Tabhair faoi deara: Ní cheadaítear boird agus cathaoireacha a stóráil i limistéar poiblí nó in áit ina bhféadfaidís a bheith mar bhac ar bhealach éalaithe éigeandála.**
Limistéar ar leith curtha ar fáil chun an tAcht Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 a chomhlíonadh **Tá** ☐ **Níl** ☐ **Tabhair faoi deara: Ní féidir le limistéar caite tobac a bheith mar chuid den limistéar sainithe atá ceadúnaithe chun boird agus cathaoireacha a chur ann.**	
Toisí an Limistéir - Fad x Leithead a bheidh iata ag bacainn inaistrithe	

Sonraí Árachais Dliteanais Phoiblí & Dliteanais Fostóra **(Féach Coinníoll 25 de na Coinníollacha Ginearálta maidir le Ceadúnais)**

Ainm na Cuideachta Árachais:	

Uimhir an Pholasaí:		Dáta Éaga:		Luach:	

Doiciméid a bheidh ag gabháil leis an Iarratas seo:

Líníocht (Léaráid le Toisí Cruinn)	**Dearbhú Árachais**	**Polasaí Árachais Sonraí**	**Táille Riaracháin € 110.00**

Aontaím cloí leis na coinníollacha a shainítear ar an gcéad leathanach eile agus le haon choinníoll eile a cheanglóidh an tÚdarás Ceadúnaithe leis:

Síniú an Iarratasóra: _____ **Dáta**: _____

Úsáid Oifige Amháin	
Uimhir Iarratais an Cheadúnais:	**Dáta Eisiúna an Cheadúnais:**
Táille Riaracháin: € 110.00	**Uimhir na hAdmhála**
Táille an Cheadúnais: €	**Uimhir na hAdmhála**

COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ
CORK CITY COUNCIL

An Stiúrthóireacht Bóithre agus Iompair – An Rannóg Iompair

SEOMRA 335, HALLA NA CATHRACH, CORCAIGH.
Teil: 021-4924330 , Facs: 021- 4924024

DEARBHÚ ÁRACHAIS

MAIDIR LE: **IARRATAS AR CHEADÚNAS CHUN BOIRD AGUS CATHAOIREACHA A CHUR AR AN MBÓTHAR POIBLÍ/ AR AN gCOSÁN**

- ***ACHT NA MBÓITHRE 1993 - ALT 71***
- ***ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT - ALT 254***

Dearbhaím leis seo go ndéantar foráil sa pholasaí árachais a leagtar síos anseo chun Comhairle Cathrach Chorcaí a shlánú i gcoinne éilimh tríú páirtí a eascraíonn ó úsáid atá á baint agamsa as an mbóthar poiblí/ as an gcosán i leith an limistéir Cheadúnaithe.

Tá ceanglas ar an gceadúnaí polasaí bailí a choimeád i rith thréimhse an cheadúnais.

Iarratasóir: _____

An seoladh ag a bhfuil iarratas á dhéanamh ar Cheadúnas: _____

_____

Ainm na Cuideachta Árachais: _____

Uimhir an Pholasaí: _____

Dáta Éaga: _____

Luach: _____

Síniú: _____ **Dáta:** _____

TABHAIR FAOI DEARA: CUIR CÓIP DE DO PHOLASAÍ ÁRACHAIS FAOI IAMH LEIS AN IARRATAS SEO FREISIN